



An Bhruiséil, 25 Samhain 2019
(OR. en)

Comhad Idirinstitiúideach:
2018/0204(COD)

13834/1/19
REV 1

LIMITE

JUSTCIV 202
EJUSTICE 139
COMER 139
CODEC 1586

NÓTA

ó:	An Uachtaránacht
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Uimh. an doic. roimhe seo:	14231/19
Uimh. an doic. ón gCoim.:	9622/18
Ábhar:	Togra le haghaidh RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil) - Cur chuige ginearálta

I. RÉAMHRÁ

1. Ghlac an Coimisiún an togra le haghaidh athbhreithniú thuasluaite¹ ar an 31 Bealtaine 2018, agus chuir sé faoi bhráid na Comhairle agus na Parlaiminte é. Is é is bunús dlí leis Airteagal 81 (comhar breithiúnach in ábhair shibhialta) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus tá sé faoi réir an ghnáthnós imeachta reachtaigh.

¹ 9622/18.

2. Le Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 maidir le doiciméid a sheirbheáil, cuirtear nós imeachta mear slán agus caighdeánaithe i bhfeidhm i dtaca le doiciméid in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála a tharchur idir cúirteanna agus páirtithe eile atá lonnaithe i mBallstáit éagsúla. Ar cheann de mhórchuspóirí an togra le haghaidh athbhreithniú tá na sásraí comhair agus na sreafaí oibre tarchuir atá sa rialachán atá ann cheana a chur in oiriúint do na forbairtí teicniúla a chuireann an digiteáil agus úsáid theicneolaíocht TF ar fáil. Ar an gcaoi sin, ba cheart an éifeachtúlacht maidir le seirbheáil doiciméad a fheabhsú trí tharchur agus seirbheáil leictreonach doiciméad níos sláine agus níos tapa a chur chun cinn agus, san am céanna, coimircí nós imeachta a neartú. Leis an togra ón gCoimisiún, iarrtar go gcuirfear ar bun córas TF díláraithe leictreonach éigeantach chun na críche sin.
3. Ghlac Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim² maidir leis an togra seo agus maidir leis an togra le haghaidh rialachán lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1206/2001 ón gComhairle maidir le comhar idir cúirteanna na mBallstát i dtaca le fianaise a ghlacadh in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála (an Togra maidir le fianaise a ghlacadh) an 17 Deireadh Fómhair 2018. Mheas Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an dá thogra a bheith i gcomhréir leis an straitéis um an margadh digiteach maidir le r-rialtas, go háirithe i dtaca leis an ngá atá le céimeanna a ghlacadh chun an riarachán poiblí a nuachóiriú agus idir-inoibritheacht trasteorann a bhaint amach.
4. An 13 Feabhra 2019, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh i dtaca leis an Togra maidir le doiciméid a sheirbheáil, ina raibh 64 leasú ar an togra ón gCoimisiún, le 563 vóta ar a shon agus 27 ina aghaidh, agus 9 staonadh.
5. An 13 Meán Fómhair 2019, thíolaic an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí Tuairim 5/2019 ar an togra agus ar an Togra maidir le fianaise a ghlacadh³.

² 14013/18.

³ 12245/19.

6. Ag Comhairle CGB i mí an Mheithimh 2019, chomhaontaigh na hairí gur cheart, i gcomhthéacs an rialacháin seo agus an Rialacháin maidir le fianaise a ghlacadh, an comhar breithiúnach a bheith bunaithe ar chóras TF díláraithe slán ina mbeadh córais TF náisiúnta idirnasctha. D'fhéadfadh na hairí, i bprionsabal, glacadh le córas TF éigeantach ach ar choinníollacha áirithe amhail idirthréimhse níos faide, eisceachtaí ón úsáid éigeantach agus an cur chun feidhme tagartha a sholáthraíonn an Coimisiún.
7. Ní raibh sa togra bunaidh ón gCoimisiún aon ráiteas airgeadais maidir leis an tionchar ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh. Le linn an scrúdaithe ar an togra, d'iarr na toscaireachtaí go gcuirfí cúnamh ar bun leis an gcóras TF, amhail bogearraí cur chun feidhme tagartha ar féidir leis na Ballstáit a úsáid mar chóras cúil de rogha ar chóras TF arna fhorbairt go náisiúnta. Leis an téacs ón Uachtaránacht, foráiltear gurb é an Coimisiún a bheidh freagrach as na bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo. Beidh tionchar suntasach ag an oibleagáid sin ar bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear athruithe ar líon na bpost. I gcomhréir le hAirteagal 35(1) fomhír 2 de Rialachán Airgeadais an Aontais Eorpaigh⁴, d'ullmhaigh an Uachtaránacht, i gcomhar leis an gCoimisiún, ráiteas táscach airgeadais⁵ ina leagtar amach an tionchar airgeadais a mheastar a bheidh ag na leasuithe ar an mbuiséad, lena n-áirítear athruithe ar líon na bpost.
8. De bhun Airteagal 3 de Phrótacal (Uimh. 21) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, chinn Éire agus an Ríocht Aontaithe a roghnú a bheith páirteach sa togra seo. I gcur i bhfeidhm Phrótacal (Uimh. 22) a ghabhann leis na Conarthaí maidir le seasamh na Danmhairge, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na mbeart atá beartaithe.

⁴ IO L 193, 30.7.2018, lch.1.

⁵ 14427/19.

II. TÉACS COMHRÉITIGH ÓN UACHTARÁNACHT

9. Faoi Uachtaránacht na hOstaire, Uachtaránacht na Rómáine agus Uachtaránacht na Fionlainne, d'éirigh leis an Meitheal um Ábhair Dlí Shibhialta (doiciméid a sheirbheáil/fianaise a ghlacadh) agus leis na comhairleoirí ceartas agus gnóthaí baile seasaimh a chóineasú maidir le codanna substainteacha den togra. Tá an Uachtaránacht den tuairim, dá bhrí sin, go bhfuil sé in am ag an gComhairle cur chuige ginearálta a ghlacadh maidir le téacs airteagal agus aithrisí an rialacháin atá beartaithe, gan dochar do bhailchríoch a chur ar shaincheisteanna áirithe de chineál teicniúil nó eagarthóireachta i ndáil le bailchríoch a chur ar na hianscríbhinní.
10. Féachtar ar eilimintí an téacs chomhréitigh mar phacáiste foriomlán arb é is aidhm dó creat dlíthiúil a chruthú lena n-áiríteofar tarchur agus seirbheáil éifeachtúil agus bhrostithe doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach le haghaidh comhar breithiúnach trasteorann. A bhuí leis an gcomhréiteach, foráiltear freisin do chothromaíocht íogair idir seasaimh éagsúla na mBallstát agus, ag an am céanna, cothaítear muinín fhrithpháirteach eatarthu.

III. CONCLÚID

11. Is é is aidhm don Uachtaránacht teacht ar chomhaontú maidir le cur chuige ginearálta i ndáil leis an togra le haghaidh Rialachán maidir le doiciméid a sheirbheáil. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Uachtaránacht ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:
 - aird a thabhairt ar an tionchar airgeadais measta a leagtar amach sa ráiteas airgeadais in 14427/19, arna ullmhú ag an Uachtaránacht i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 35(1) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ón Aontas Eorpach agus ón gComhairle maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme i ndáil le buiséad ginearálta an Aontais, agus ar bhonn ionchuir ón gCoimisiún.

- téacs an Rialacháin maidir le doiciméid a sheirbheáil mar atá sé san Iarscríbhinn a fhorhnuiniú mar phacáiste comhréitigh d'fhonn cur chuige ginearálta maidir leis an téacs sin a ghlacadh ag an gComhairle (CGB) an 2/3 Nollaig 2019, agus é á chur san áireamh go gcuirfear bailchríoch ar na hiarscríbhinní a ghabhann leis an rialachán ar an leibhéal teicniúil a luaite is féidir tar éis na Comhairle.

I gcomparáid leis an togra tosaigh ón gCoimisiún, leagtar amach i **gcló trom** téacs nua agus marcáiltear nithe a scriosadh le [...].

Togra le haghaidh

RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe ar Airteagal 81 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún⁶,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

⁶ IO C , , lch. .

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Chun go bhfeidhmeoidh an margadh inmheánach mar is ceart, ní mór feabhas breise a chur ar tharchur agus seirbheáil doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair shibhialta nó in ábhair thráchtála idir na Ballstáit agus an tarchur agus an tseirbheáil sin a bhrostú.
- (2) I Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁷ leagtar síos rialacha maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit. **Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbheáil doiciméad breithiúnach agus doiciméad seachbhreithiúnach in ábhair eile amhail ioncam, custam nó riarachán.**
- (2a) **Níor cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo maidir le seirbheáil doiciméid ar ionadaí údaráithe an pháirtí i mBallstát an fhóraim, ach ba cheart feidhm a bheith aige maidir le seirbheáil aon doiciméid ar an bpáirtí thar lear más gá an tseirbheáil sin a dhéanamh faoi dhlí Bhallstát an fhóraim gan beann ar an tseirbheáil ar ionadaí an pháirtí.**

⁷ Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Samhain 2007 maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha in ábhair shibhialta nó in ábhair tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (doiciméid a sheirbheáil) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle (IO L 324 10.12.2007, lch. 79).

- (2aa) I gcás nach bhfuil seoladh aitheanta le haghaidh seirbheála ag an seolaí ach i mBallstát eile, ba cheart an doiciméad a tharchur chuig an mBallstát sin le haghaidh seirbheála faoin Rialachán seo agus níor cheart an cas a fhorléiriú mar sheirbhís intíre laistigh de Bhallstát an fhórait. Go háirithe, níor cheart an doiciméad a sheirbheáil ar an seolaí ar mhodh samhailteach seirbheála, amhail seirbheáil trí fhógra ar bhord fógra na cúirte nó tríd an doiciméad a thaisceadh i gcomhad na cúirte.**
- (2b) Ba cheart a áireamh i ndoiciméid sheachbhreithiúnacha chun críocha an Rialacháin seo doiciméid arna dtarraingt suas nó arna ndeimhniú ag údarás poiblí nó doiciméid oifigiúla agus phríobháideacha ar gá iad a tharchur go foirmiúil chuig seolaí a bhfuil cónaí air nó uirthi thar lear chun ceart nó éileamh sa dlí sibhialta nó tráchtála a fheidhmiú, a chruthú nó a choimirciú. Níor cheart a áireamh iontu doiciméid arna n-eisiúint ag údaráis riaracháin chun críche imeachtaí riaracháin.**
- (3) Tá an teorainn a bhaineann leis na rialacha i Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 anois soiléir i bhfianaise an lánpháirtithe bhreithiúnaigh atá ag méadú idir na Ballstáit [...].**

- (4) Chun a áirithiú gur luath a tharchuirfear doiciméid chuig Ballstáit eile chun críocha seirbheála iontu, ba cheart gach modh cumarsáide nua-aimseartha a úsáid, ar chuntar go gcomhlíonfar coinníollacha áirithe maidir le sláine agus iontaofacht an doiciméid a gheofar. **Dá bhrí sin, mar riail**, ba cheart **gach** cumarsáid agus malartú idir gníomhaireachtaí agus comhlachtaí arna n-ainmniú ag na Ballstáit a dhéanamh trí chóras TF díláraithe **slán** atá comhdhéanta de chórais TF náisiúnta. **Chun na críche sin, ba cheart córas TF díláraithe den sórt sin a bhunú le haghaidh malartuithe sonraí i gcomhréir leis an Rialachán seo. De bhrí gur córas díláraithe é an córas sin, ní chumasófar leis ach malartuithe sonraí ó Bhallstát amháin go dtí Ballstát eile, gan aon cheann d'institiúidí an Aontais a bheith rannpháirteach sna malartuithe sin.**
- (4a) Ba cheart don údarás inniúil nó do na húdaráis inniúla faoi dhlí an Bhallstáit a bheith freagrach, mar rialaitheoirí, as próiseáil na sonraí pearsanta a dhéanann sé nó siad faoin Rialachán seo chun doiciméid a tharchur idir na Ballstáit. Níl an Coimisiún, ná aon institiúid eile de chuid an Aontais, rannpháirteach in aon phróiseáil sonraí pearsanta a dhéantar laistigh den chóras TF díláraithe a bhunaítear leis an Rialachán seo.

- (4b) Ba cheart don Choimisiún a bheith freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, ar bogearraí iad a fhéadfaidh na Ballstáit a roghnú iad a chur i bhfeidhm in ionad chóras náisiúnta TF, i gcomhréir le prionsabail na cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Ba cheart na bogearraí cur chun feidhme tagartha a cheapadh, a fhorbairt agus a chothabháil i gcomhréir leis na ceanglais agus na prionsabail cosanta sonraí a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/1725⁸ agus i Rialachán (AE) 2016/679⁹, go háirithe na prionsabail cosanta sonraí trí dhearadh agus mar réamhshocrú. Ba cheart leis freisin bearta teicniúla iomchuí a chur chun feidhme agus na bearta eagraíochtúla is gá a chumasú chun go n-áiritheofar an leibhéal slándála agus idir-inoibritheachta a bheidh iomchuí do na malartuithe faisnéise sa réimse seirbheála doiciméad.
- (4c) D'fhéadfadh nach bhféadfaí tarchur a dhéanamh tríd an gcóras TF díláraithe mar gheall ar chur isteach ar an gcóras. D'fhéadfadh modhanna eile cumarsáide a bheith níos iomchuí freisin in imthosca eisceachtúla, amhail cás ina gcuirfí ualach díréireach riaracháin ar an ngníomhaireacht tarchuir mar thoradh ar mhéid ollmhór doiciméadachta a chomhshó go foirm leictreonach nó cás ina mbeadh an doiciméad bunaidh i bhformáid pháipéir de dhíth chun a bharántúlacht a mheas. Mura mbeadh an córas TF díláraithe á úsáid, ba cheart an tarchur a dhéanamh ar an mbealach is iomchuí. Is éard a bheadh i gceist leis sin, *inter alia*, go mba cheart an tarchur a dhéanamh chomh tapa agus is féidir agus ar bhealach slán trí mhodhanna leictreonacha slána eile nó tríd an bpost.

⁸ Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

⁹ Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch 1).

- (4d) Chun feabhas a chur ar tharchuir leictreonacha thrasteorann, níor cheart éifeacht dhlíthiúil ná inghlacthacht a dhiúltú do na doiciméid a tharchuirtear tríd an gcóras TF díláraithe ar an bhforas amháin gur i bhformáid leictreonach atá siad. Mar sin féin, níor cheart difear a dhéanamh leis an bprionsabal seo ar shlí eile d'inniúlacht na cúirte a dtugtar na himeachtaí os a comhair chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí dlíthiúla doiciméad den sórt sin nó ar a n-inghlacthacht mar fhianaise. Ba cheart dó freisin a bheith gan dochar do cheanglais an dlí náisiúnta maidir le doiciméid a chomhshó.
- (4e) Ba cheart admháil fála, i gcomhréir leis an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I, a chur chuig an ngníomhaireacht tarchuir go huathoibríoch tríd an gcóras TF díláraithe nó ar bhealach eile a luaithe is féidir agus in aon chás laistigh de sheacht lá ó dhoiciméad a fháil.
- (4f) Ar dheimhniú neamhsheirbheála na ndoiciméad a fháil, tá sé tábhachtach go mbeidh a fhios ag an ngníomhaireacht tarchuir cibé ar chuir nó nár chuir údaráis an Bhallstáit a ndírítear air iarrataí chuig cláir shainchónaithe nó chuig bunachair sonraí eile, i gcás inarb ann do na cláir nó na bunachair sonraí sin, chun cuardach a chur ar sheoladh nua don duine atá le seirbheáil. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit a chur in iúl don Choimisiún an ndéanann a n-údaráis na hiarrataí sin ar a dtionscnamh féin i gcásanna nach mbíonn an seoladh a léirítear san iarraidh ar sheirbheáil ceart. Mar sin féin, níor cheart oibleagáid a fhorchur leis an Rialachán ar údaráis na mBallstát chun na hiarrataí sin a dhéanamh.

- (5) Ba cheart don ghníomhaireacht fála, i ngach **cás nach bhfuil an doiciméad atá le seirbheáil i dteanga oifigiúil nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla áit na seirbheála, [...]** a chur in iúl don seolaí i scríbhinn **agus ar an bhfoirm chaighdeánach** go bhféadfaidh sé nó sí an doiciméad atá le seirbheáil a dhiúltú mura bhfuil sé i dteanga a thuigeann sé nó sí nó i gceann amháin de theangacha oifigiúla áit na seirbheála. Ba cheart feidhm a bheith ag an riail sin freisin maidir le haon seirbheáil a dhéanfar ina dhiaidh sin nuair a bheidh an ceart diúltaithe atá aige nó aici curtha chun feidhme ag an seolaí. Ba cheart freisin feidhm a bheith ag ceart an diúltaithe maidir le seirbheáil a dhéanann gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, seirbheáil trí sheirbhísí poist, **seirbheáil leictreonach** agus seirbheáil dhíreach. Ba cheart an deis a bheith ann seirbheáil an doiciméid a diúltaíodh a leigheas trí aistriúchán ar an doiciméad sin a sheirbheáil ar an seolaí.
- (6) Má dhiúltaigh an seolaí glacadh leis an doiciméad, **agus** má **chinn** an chúirt nó an t-údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair nó os a chomhair a ndearnadh an tseirbheáil riachtanach lena linn, **tar éis di nó dó fíorú a dhéanamh, nach raibh údar cuí leis an diúltú sin, ba chóir di nó dó breathnú ar shlí iomchuí chun an seolaí a chur ar an eolas i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. [...]**

- (7) Chun go mbeidh imeachtaí breithiúnacha éifeachtúil tapa, ní mór cainéil dhíreacha éascaithe a bheith ann le haghaidh doiciméid a sheirbheáil ar dhaoine i mBallstát eile. Dá bharr sin, ba cheart an deis a bheith ann [...] seirbheáil doiciméad a dhéanamh go díreach trí mhodhanna leictreonacha [...] **chuig** seolaí [...] [...] arb i mBallstát eile a bhfuil **a sheoladh aitheanta nó a seoladh aitheanta don tseirbheáil**. A bhuí leis na coinníollacha maidir leis an úsáid a bhaintear as an tseirbheáil dhíreach leictreonach sin, ba cheart a áirithiú nach n-úsáidfí [...] **seirbhís** leictreonach [...] ach **trí mhodhanna leictreonacha atá ar fáil faoi dhlí Bhallstát an fhórait chun doiciméid a sheirbheáil go hintíre ar an gcoinníoll** [...] go bhfuil coimircí iomchuí ann chun leasanna na seolaithe a chosaint [...].
- (7a) **D'fhéadfaí an seolaí a sheirbheáil go leictreonach ag baint úsáid as seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014¹⁰ ar an gcoinníoll gur thug an seolaí toiliú sainráite roimh ré modhanna leictreonacha a úsáid chun doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla. D'fhéadfaí an toiliú sainráite a thabhairt le haghaidh imeachtaí sonracha nó mar thoiliú ginearálta le doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla tríd an modh seirbheála sin. Thabharfaí an toiliú roimh ré freisin i gcás ina bhféadfaí, i gcomhréir le dlí Bhallstát an fhórait, doiciméid nós imeachta a sheirbheáil trí chóras leictreonach agus inar thug an seolaí toiliú an córas sin a úsáid i ndáil le doiciméid a sheirbheáil roimh aon doiciméid a sheirbheáil air nó uirthi tríd an gcóras sin.**

¹⁰ **Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE (IO L 257, 28.8.2014, lch. 73).**

(7b) D'fhéadfaí an seolaí a sheirbheáil go leictreonach gan úsáid a bhaint as na seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ar an gcoinníoll gur thug an seolaí toiliú sainráite roimh ré don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair nó os a chomhair nó don pháirtí atá freagrach as an tseirbheáil sna himeachtaí sin leas a bhaint as ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist sonraithe i gcaitheamh na n-imeachtaí sin agus go bhfaightear cruthúnas go bhfuair an seolaí an doiciméad. Ba cheart don seolaí a dheimhniú go bhfuarthas an doiciméad trí admháil fála a shíniú agus a sheoladh ar ais nó trí ríomhphost a sheoladh ar ais ón seoladh ríomhphoist a chuir an seolaí ar fáil le haghaidh seirbheála. D'fhéadfaí an admháil fála a shíniú go leictreonach freisin. D'fhéadfadh Ballstát na coinníollacha a shonrú faoina nglacfaidh sé le seirbheáil leictreonach trí ríomhphost, i gcás ina ndéantar, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit sin, coinníollacha níos doichte a leagan síos le haghaidh na seirbheála sin trí ríomhphost nó nach nglactar leis an tseirbheáil sin trí ríomhphost.

(8) [...]

- (8a) **I gcás ina bhféadfadh an breitheamh breithiúnas a thabhairt, i gcomhréir le dlí an Bhallstáit agus faoi choinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, fiú mura mbeidh deimhniú seirbheála nó seachadta an doiciméid lena dtionscnaítear na himeachtaí nó a choibhéis faighte, ba cheart gach iarracht réasúnta a dhéanamh chun é a fháil trí údaráis nó trí chomhlachtaí inniúla an Bhallstáit a ndírítear air. Má tá sé i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, d'fhéadfaí an cosantóir a chur ar an eolas trí aon bhealaí cumarsáide atá ar fáil, lena n-áirítear modhanna teicneolaíochta cumarsáide nua-aimseartha, dá bhfuil seoladh nó cuntas ar eolas ag an gcúirt a bhfuiltear os a comhair, gur tionscnaíodh imeachtaí cúirte ina choinne nó ina coinne.**
- (9) Urramaítear leis an Rialachán seo na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe sa Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh. Go háirithe, tá an Rialachán seo dírithe ar a áirithiú go n-urramófar go huile cearta cosanta na seolaithe, a eascraíonn ón gceart triail chóir a fháil, a leagtar síos in Airteagal 47 den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

- (10) Chun gur féidir na hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a oiriúnú go tapa, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún i dtaca le leasuithe ar Iarscríbhinní I [...] **agus II [...]** a ghabhann leis an Rialachán sin. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfar na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr¹¹. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.
- (11) I gcomhréir le mír 22 agus mír 23 den Chomhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar an Rialachán seo ar bhonn faisnéis a bhailítear trí shocruithe sonracha faireacháin chun measúnú a dhéanamh ar éifeachtaí iarbhir an Rialacháin agus ar an ngá atá le haon ghníomhaíocht eile. **Chun críocha an fhaireacháin sin, ba cheart do na Ballstáit na sonraí atá ar fáil maidir le doiciméid a sheirbheáil faoin Rialachán seo a sholáthar don Choimisiún agus, go háirithe, faisnéis faoi líon na n-iarrataí a tharchuirtear agus a fhaightear, líon na gcásanna ina ndearnadh tarchur ar bhealaí eile seachas tríd an gcóras TF díláraithe, líon na ndeimhnithe a fuarthas maidir le neamhsheirbheáil doiciméad agus líon na ndiúltuithe doiciméad ar chúiseanna teanga a fuair na gníomhaireachtaí tarchuir. Leis an gcóras cúil náisiúnta nó an cur chun feidhme tagartha, ba cheart, a mhéid is féidir, bailiú agus tuairisciú uathoibríoch sonraí maidir le líon na malartuithe a dhéantar tríd an gcóras sin a éascú.**

¹¹ An Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr; IO L 123, 12.5.2016, lch. 1

- (12) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo a ghnóthú go leordhóthanach agus, ós cruthú creata dlíthiúil lena n-áireofar go ndéanfar doiciméid bhreithiúnacha agus doiciméid sheachbhreithiúnacha a tharchur agus a sheirbheáil go tapa éifeachtúil ar fud na mBallstát atá i gceist, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun an chuspóir sin a ghnóthú.
- (13) I gcomhréir le hAirteagal 3 agus Airteagal 4a(1) de phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, tá/ [...] fógra tugtha ag an [...] Ríocht Aontaithe [...] agus [...] ag Éirinn [...] gur/ [...] mian leo a bheith rannpháirteach i nglacadh agus i gcur i bhfeidhm an Rialacháin seo [...].
- (14) I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.
- (14a) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus thug sé tuairim uaidh an 13 Meán Fómhair 2019¹².**
- (15) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 a leasú dá réir sin,

¹² IO C 370, 31.10.2019, lch. 24.

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1393/2007 mar seo a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

"Airteagal 1

Raon feidhme agus sainmhínithe

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo in ábhair shibhialta agus in ábhair thráchtála **i gcás [...]**

[...] nach foláir doiciméad breithiúnach **nó [...]**

[...] doiciméad seachbhreithiúnach [...] a tharchur ó Bhallstát amháin chuig Ballstát eile **lena sheirbheáil ansin.**

Ní bhainfidh sé, go háirithe, le hábhair ioncaim, le hábhair custaim ná le hábhair riaracháin ná le dliteanas an Stáit i leith gníomhartha agus neamhghníomhartha i bhfeidhmiú údarás an stáit (*acta iure imperii*).

2. [...] **Gan dochar d'**Airteagal 3c, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo i gcás nach eol seoladh an duine a bhfuil an doiciméad le seirbheáil air.

3. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le doiciméad a sheirbheáil ar ionadaí údaráithe an pháirtí sa Bhallstát i gcás ina dtarlóidh na himeachtaí gan aird ar an áit a bhfuil cónaí ar an bpáirtí sin.

4. Chun críocha an Rialacháin seo, **beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:**

[...]

(a [...]) ciallaíonn 'Ballstát an fhórait' an Ballstát ina bhfuil na himeachtaí breithiúnacha ar bun [...];

(b) ciallaíonn 'córas TF dílártaí' líonra de chórais náisiúnta TF agus de phointí rochtana bonneagair cumarsáide idir-inoibritheacha, a oibríonn faoi fhreagracht agus faoi bhainistiú aonair gach Ballstáit agus lena gcumasaítear malartú slán, iontaofa trasteorann faisnéise idir na córais náisiúnta TF.";

(2) In Airteagal 2(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

"(c) na modhanna atá ar fáil dóibh chun doiciméid a fháil sna cásanna a leagtar amach in Airteagal 3a(4 [...]);";

(3) Cuirtear isteach na hAirteagail 3a, 3aa agus 3c seo a leanas:

"Airteagal 3a

**Modhanna cumarsáide atá le húsáid ag gníomhaireachtaí tarchuir agus fála,
agus ag comhlachtaí lárnacha**

1. Doiciméid **atá le seirbheáil**, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus aon chumarsáid eile, a dhéantar ar bhonn na bhfoirmeacha caighdeánacha in Iarscríbhinn I, idir na gníomhaireachtaí tarchuir agus na gníomhaireachtaí fála, idir na gníomhaireachtaí sin agus na comhlachtaí lárnacha, nó idir comhlachtaí lárnacha na mBallstát éagsúil, déanfar é trí chóras TF dílártaí [...].

2. Beidh feidhm ag an gcreat dlíthiúil ginearálta le haghaidh úsáid seirbhísí iontaoibhe a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ón gComhairle maidir leis na doiciméid **atá le seirbheáil**, na hiarrataí, na dearbhuithe, na hadmhálacha, na deimhnithe agus aon chumarsáid a tharchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe [...].
3. I gcás inar gá séala nó síniú lámhscríofa le haghaidh doiciméad **atá le seirbheáil**, iarrataí, dearbhuithe, admhálacha, deimhnithe agus cumarsáid eile dá dtagraítear i mír 1 nó i gcás ina mbeidh séala nó síniú lámhscríofa ina chuid díobh, féadfar 'ríomhshéalaí cáilithe' [...] **nó** 'ríomhshínithe cáilithe' mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a úsáid ina ionad.
4. [...] **I gcás** nach féidir tarchur a dhéanamh i gcomhréir le mír 1, de dheasca cur isteach [...] ar an gcóras TF [...], **nó de dheasca imthosca eisceachtúla**, déanfar an tarchur leis na modhanna **is iomchuí** [...] is féidir.
5. **Faoi dhlí an Bhallstáit, measfar gur rialaitheoirí iad an t-údarás inniúil nó na húdaráis inniúla i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta faoin Rialachán seo, i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/679.**

Airteagal 3aa

Éifeachtaí dlíthiúla [...] doiciméad [...] leictreonach

Na doiciméid a tharchuirfear tríd an gcóras TF díláraithe [...], ní dhéanfar éifeacht dhlíthiúil **agus inghlacthacht mar fhianaise** a shéanadh orthu sna himeachtaí ar aon fhoras amháin go bhfuil siad i bhfoirm leictreonach. [...]

Cúnamh agus an seoladh á fhiosrú

1. I gcás nach fios cén seoladh atá ag an duine a bhfuil an doiciméad breithiúnach nó seachbhreithiúnach le seirbheáil air i mBallstát eile, tabharfaidh na Ballstáit cúnamh ar cheann amháin **ar a laghad** [...] de na modhanna seo a leanas:
 - (a) **an fhéidearthacht do na gníomhaireachtaí tarchuir** [...] cúnamh **a iarraidh ó údaráis inniúla Ballstáit eile chun** seoladh an duine a bheidh le seirbheáil a chinneadh [...];
 - (b) an fhéidearthacht a bheith ag daoine ó Bhallstáit eile iarrataí ar fhaisnéis faoi sheoltaí a chur isteach go díreach chuig cláir shainchónaithe nó chuig bunachair sonraí eile atá inrochtana don phobal lena n-áirítear go leictreonach, trí bhíthin foirm chaighdeánach atá **ar fáil** [...] ar an Tairseach Eorpach don r-Cheartas;
 - (c) **faisnéis** [...] **mhionsonraithe** faoi na [...] **modhanna** atá ar fáil chun seoltaí daoine a chinneadh [...] d'fhonn an fhaisnéis a chur ar fáil don phobal **tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas**.
2. Cuirfidh gach Ballstát an fhaisnéis seo a leanas ar fáil don Choimisiún, **chomh maith le haon mhodhnú a dhéanfar ina dhiaidh sin ar an bhfaisnéis sin, d'fhonn í a chur ar fáil don phobal tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas:**
 - (a) na [...] **modhanna** cúnaimh a sholáthróidh an Ballstát ar a chríoch de bhun mhír 1;

- (b) i gcás inarb infheidhme, ainmneacha agus **sonraí teagmhála** [...] na n-údarás dá dtagraítear i mír (1) (a) agus (b);
- (c) **an ndéanfaidh údaráis an Bhallstáit a ndírítear air iarrataí ar fhaisnéis faoi sheoltaí a chur isteach, ar a dtionscnamh féin, chuig cláir shainchónaithe nó chuig bunachair sonraí eile i gcásanna nach mbíonn an seoladh a léirítear san iarraidh ar sheirbheáil ceart.**

[...] .";

- (4) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 4:

"Airteagal 4

Doiciméid a tharchur

1. Déanfar doiciméid bhreithiúnacha a tharchur go díreach agus an túisce is féidir idir na gníomhaireachtaí arna n-ainmniú de bhun Airteagal 2.
2. Beidh iarraidh a dhréachtófar ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I ag gabháil leis an doiciméad a bheidh le tarchur. Déanfar an fhoirm a chomhlánú i dteanga oifigiúil an Bhallstáit a ndírítear air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, i dteanga oifigiúil nó i gceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil, nó i dteanga eile ar chuir an Ballstát sin in iúl go bhféadfadh sé glacadh léi. Cuirfidh gach Ballstát in iúl an teanga oifigiúil nó na teangacha oifigiúla de chuid an Aontais seachas a theanga féin lena bhfuil glacadh aige chun an fhoirm a chomhlánú.
3. **Beidh na doiciméid a tharchuirfear díolmhaithe ó fhíorú nó ó aon fhoirmiúlacht den sórt sin.**

4. Nuair is mian leis an ngníomhaireacht tarchuir go gcuirfí cóip den doiciméad ar ais chuici, arna sheoladh i bhformáid pháipéir i gcomhréir le hAirteagal 3a(4), maille leis an deimhniú dá dtagraítear in Airteagal 10, seolfaidh sí an doiciméad i ndúblach.";
- (5) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 6:

"Airteagal 6

Doiciméid a fháil ag gníomhaireacht fála

1. Ar dhoiciméad a fháil, cuirfear [...] [...] **admháil fála** [...] chuig an ngníomhaireacht tarchuir a luaithe is féidir, agus in aon chás laistigh de sheacht lá ón doiciméad a fháil [...] ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I [...].
2. I gcás nach bhféadfar an iarraidh ar sheirbheáil a chomhlíonadh ar bhonn na faisnéise nó na ndoiciméad a tarchuireadh, rachaidh an ghníomhaireacht fála i dteagmháil leis an ngníomhaireacht tarchuir chun an fhaisnéis nó na doiciméid atá in easnamh a fháil ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I [...].
3. Más follas go bhfuil an iarraidh ar sheirbheáil lasmuigh de raon feidhme an Rialacháin seo nó mura féidir an tseirbheáil a dhéanamh de bharr neamhchomhlíonadh na gcoinníollacha foirmiúla riachtanacha, déanfar an t-iarratas agus na doiciméid a tarchuireadh a chur ar ais, nuair a gheofar iad, chuig an ngníomhaireacht tarchuir, maille leis an bhfógra aischuir, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

4. Gníomhaireacht fála a gheobhaidh doiciméad le seirbheáil ach nach mbeidh dlínse chríche aici chun é a sheirbheáil, cuirfidh sí ar aghaidh é, maille leis an iarraidh, **a luaithe is féidir**, [...] chuig an ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna má bhíonn an iarraidh i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(2) agus cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas dá réir **ag an am céanna**, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I. Ar an doiciméad agus ar an iarraidh a fháil ón ngníomhaireacht fála a bhfuil dlínse chríche aici sa Bhallstát céanna, cuirtear [...] **admháil fála** [...] chuig an ngníomhaireacht tarchuir, **a luaithe is féidir, agus in aon chás laistigh de sheacht lá ón doiciméad a fháil, ag baint úsáid as an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I** [...] ";

[...]

"Airteagal 7a

[...]

1. [...]

2. [...]

(7) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 8:

Diúltú glacadh le doiciméad

1. D'fhéadfadh [...] an seolaí [...] an doiciméad atá le seirbheáil a dhiúltú mura mbeadh sé scríofa, nó mura mbeadh aistriúchán oifigiúil ag gabháil leis, i gceann de na teangacha seo a leanas:
 - (a) teanga a thuigeann an seolaí;

nó
 - (b) teanga oifigiúil an Bhallstáit a ndírítear air nó, má tá teangacha oifigiúla éagsúla sa Bhallstát sin, teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla na háite ina ndéanfar an tseirbheáil.
- 1a. **Cuirfidh an ghníomhaireacht fála an seolaí ar an eolas faoin gceart dá bhforáiltear i mír 1 mura bhfuil an doiciméad scríofa sa teanga dá dtagraítear i mír 1(b), nó mura bhfuil aistriúchán go dtí an teanga sin ag gabháil leis, tríd an bhfoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II a chur i gceangal leis an doiciméad a bheidh le seirbheáil sna teangacha seo a leanas:**
 - (a) teanga oifigiúil nó ceann de theangacha oifigiúla an Bhallstáit tionscnaimh; agus
 - (b) an teanga dá dtagraítear i mír 1 (b).

Má tá cosúlacht ar an scéal go dtuigeann an seolaí teanga oifigiúil Ballstáit eile, féadfar an fhoirm chaighdeánach sa teanga sin a iniamh freisin.

2. D'fhéadfadh an seolaí an doiciméad a dhiúltú tráth na seirbheála **nó i scríbhinn** nó faoi cheann coicís **ó thráth na seirbheála. Chun na críche sin, d'fhéadfadh an seolaí [...]** a chur ar ais [...] **chuig an ngníomhaireacht fála** an fhoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn II **nó aon dearbhú i scríbhinn ina léirítear go ndiúltaíonn sé nó sí an doiciméad a ghlacadh i ngeall ar an teanga ina bhfuil an doiciméad scríofa [...]** .
3. I gcás ina gcuirfear an ghníomhaireacht fála ar an eolas go ndiúltaíonn an seolaí glacadh leis an doiciméad i gcomhréir le mír 1 agus mír 2, cuirfidh sí an ghníomhaireacht tarchuir ar an eolas láithreach trí bhíthin an deimhnithe dá bhforáiltear in Airteagal 10 agus déanfaidh sí an iarraidh **agus, i gcás ina mbeidh fáil orthu, gach doiciméad a bhfuil aistriúchán iarrtha ina leith** a chur ar ais.
4. [...]
5. Is féidir seirbheáil an doiciméid a leigheas tríd an doiciméad lena ngabhann aistriúchán i dteanga dá bhforáiltear i mír 1 a sheirbheáil ar an seolaí i gcomhréir le forálacha an Rialacháin seo. Sa chás sin, is é dáta seirbheála an doiciméid an dáta a sheirbheáiltear an doiciméad a bhfuil an t-aistriúchán ag gabháil leis i gcomhréir le dlí an Bhallstáit a ndírítear air. Mar sin féin, i gcás inar gá doiciméad a sheirbheáil faoi cheann tréimhse áirithe i gcomhréir le dlí Ballstáit, is é an dáta a chuirfear san áireamh maidir leis an iarratasóir ná dáta seirbheála an doiciméid tosaigh arna chinneadh de bhun Airteagal 9(2).
6. Beidh feidhm ag míreanna 1 go 5 maidir leis na modhanna tarchuir agus seirbheála eile a bhaineann le doiciméid bhreithiúnacha dá bhforáiltear i Roinn 2.

7. Chun críocha mhíreanna 1 agus 1a, déanfaidh na gníomhairí taidhleoireachta nó consalacha, i gcás ina ndéantar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagal 13, nó déanfaidh an t-údarás nó an duine, i gcás ina ndéantar an tseirbheáil i gcomhréir le hAirteagail 14, **14a nó 15 [...]**, an seolaí a chur ar an eolas go bhféadfaidh sé nó sí diúltú glacadh leis an doiciméad agus gur gá **an dearbhú scríofa diúltaithe [...]** a sheoladh chuig na gníomhairí sin nó chuig an údarás sin nó chuig an duine sin faoi seach.";

(8) In Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

"1. Nuair a bheidh na foirmiúlachtaí maidir leis an doiciméad a sheirbheáil críochnaithe, dréachtófar deimhniú comhlánaithe maidir leis na foirmiúlachtaí san fhoirm chaighdeánach a leagtar amach in Iarscríbhinn I, agus seolfar chuig an ngníomhaireacht tarchuir é, **maille le cóip den doiciméad arna sheirbheáil, i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 4(4).**";

(9) **Cuirtear** an méid seo a leanas in ionad Airteagal [...] 14 [...]:

"Airteagal 14

Seirbheáil trí sheirbhísí poist

1. Féadfaidh seirbhísí poist doiciméid bhreithiúnacha a sheirbheáil go díreach ar dhaoine atá i **láthair [...]** i mBallstát eile trí litir chláraithe a ngabhann admháil fála léi **nó a coibhéis.**

2. [...]

3. [...] "

(9a) Cuirtear isteach an tAirteagal 14a seo a leanas:

"Airteagal 14a

Seirbheáil leictreonach

1. Féadfar doiciméad breithiúnach a sheirbheáil go díreach ar dhuine [...] [...] a bhfuil seoladh aitheanta le haghaidh seirbheála aige nó aici i mBallstáit eile [...] **trí mhodhanna leictreonacha atá ar fáil faoi dhlí Bhallstáit an fhórait [...] chun doiciméid a sheirbheáil go hintíre**, ar choinníoll go [...] :

(a) seoltar agus faightear na doiciméid ag baint úsáid as seirbhísí seachadta cláráithe leictreonacha cáilithe de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle **agus**

[...] [...] thug an seolaí toiliú sainráite [...] **roimh ré modhanna leictreonacha** [...] a úsáid [...] chun doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh [...] na n-imeachtaí dlíthiúla; [...]

nó

(b) **thug an seolaí toiliú sainráite roimh ré don chúirt nó don údarás a bhfuil na himeachtaí dlí os a comhair nó os a chomhair nó don pháirtí atá freagrach as seirbheáil in imeachtaí den sórt sin úsáid a bhaint as ríomhphost chuig seoladh ríomhphoist sonraithe chun críocha doiciméid a sheirbheáil i gcaitheamh na n-imeachtaí dlíthiúla agus deimhníonn sé go bhfuarthas an doiciméad le hadmháil fála, lena n-áirítear dáta na fála.**

2. **Féadfaidh aon Bhallstát, i gcomhréir le hAirteagal 23(1), na coinníollacha a shonrú faoina nglacfaidh sé le seirbheáil leictreonach faoi mhír 1 (b).";**

(9b) in Airteagal 15, cuirtear isteach mír 2 nua:

Airteagal 15 [...]

[...]

[...]

Soláthróidh [...] **Ballstát a cheadaíonn seirbhís dhíreach** [...] an fhaisnéis don Choimisiún faoi ghairm **ar bith** [...] nó daoine inniúla a bhfuil cead acu seirbheáil **a dhéanamh** [...] faoin Airteagal seo ina gcríoch.";

[...]

"Airteagal 15a

[...]

[...]

[...]

[...]

(11) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagail 17 agus 18:

"Airteagal 17

Na hIarscríbhinní a leasú

Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 18 chun Iarscríbhinn I [...] agus II a leasú [...] chun na foirmeacha caighdeánacha a thabhairt cothrom le dáta nó chun athruithe teicniúla a dhéanamh ar na foirmeacha sin.

Airteagal 18

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Is faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo a thugtar an chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 17 a thabhairt don Choimisiún go ceann [...] tréimhse **cúig bliana** [...] amhail [*ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo*]. **Déanfaidh an Coimisiún, tráth nach déanaí ná naoi mí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana, tuarascáil a tharraingt suas maidir le tarmligeán na cumhachta. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaíthe sin tráth nach déanaí ná trí mhí roimh dheireadh gach tréimhse.**
3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligeán na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 17 a chúlghairm aon tráth. Déanfaidh cinneadh chun cúlghairm a dhéanamh deireadh a chur le tarmligeán na cumhachta atá sonraithe sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* nó ar dháta is déanaí ná sin a shonrófar sa chinneadh. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht aon ghnímh tharmligthe atá i bhfeidhm cheana.
4. Roimh dó gníomh tarmligthe a ghlacadh, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin le saineolaithe arna n-ainmniú ag gach Ballstát i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr.

5. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra, an tráth céanna, do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle faoi.
 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlahtar de bhun Airteagal 17 i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a thabhairt do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear síneadh ama dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle.";
- (12) Cuirtear isteach Airteagail 18a, 18b agus **18c** seo a leanas:

"Airteagal 18a

Costas an chórais TF dhíláráithe

1. **Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann leis na pointí rochtana i dtaca le bonneagar cumarsáide a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil lena ndéantar na córais TF náisiúnta a idirnascadh i gcomhthéacs an chórais TF dhíláráithe.**
2. **Íocfaidh gach Ballstát na costais a bhaineann lena chórais TF náisiúnta a bhunú agus a choigeartú chun go mbeidh siad idir-inoibritheach leis an mbonneagar cumarsáide, mar aon leis na costais a bhaineann leis na córais sin a riar, a oibriú agus a chothabháil.**
3. **Beidh mír 1 agus mír 2 gan dochar don fhéidearthacht a bhaineann le hiarratas a dhéanamh ar dheontais chun tacú le gníomhaíochtaí dá dtagraítear sna míreanna sin faoi chláir airgeadais an Aontais.**

4. **Beidh an Coimisiún freagrach as bogearraí cur chun feidhme tagartha a chruthú, a chothabháil agus a fhorbairt amach anseo, ar bogearraí iad a fhéadfaidh na Ballstáit a roghnú le cur i bhfeidhm mar chóras cúil seachas córas náisiúnta TF. Is ó bhuiséad ginearálta an Aontais a mhaoineofar cruthú, cothabháil agus forbairt amach anseo na mbogearraí cur chun feidhme tagartha.**
5. **Déanfaidh an Coimisiún cur chun feidhme saor in aisce na gcomhpháirteanna bogearraí is bun leis na pointí rochtana ar bhonneagar cumarsáide a sholáthar, a chothabháil agus tacóidh sé leis an gcur chun feidhme sin.**

Airteagal 18 [...]b

Gníomhartha cur chun feidhme á nglacadh ag an gCoimisiún

1. **Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme lena mbunaítear an córas TF díláráithe. Trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, glacfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:**
 - (a) **an tsonraíocht theicniúil lena sainítear na modhanna cumarsáide trí mheáin leictreonacha chun críche an chórais TF dhíláráithe;**
 - (b) **an tsonraíocht theicniúil i dtaca leis na prótacail chumarsáide;**
 - (c) **na cuspóirí slándála faisnéise agus na bearta teicniúla ábhartha lena n-áirithítear na híoschaighdeáin slándála faisnéise maidir le próiseáil agus cumarsáid faisnéise laistigh den chóras TF díláráithe;**
 - (d) **na cuspóirí íosta infhaighteachta agus na ceanglais theicniúla a d'fhéadfadh a bheith ann ina leith sin maidir leis na seirbhísí a sholáthraítear leis an gcóras TF díláráithe;**

(e) na freagrachtaí ábhartha maidir le cosaint sonraí agus na bearta teicniúla is gá chun a áirithiú go gcomhlíonann an córas TF Rialachán (AE) 2016/679 agus Rialachán (AE) 2018/1725;

(f) coiste stiúrtha a bhunú a bheidh comhdhéanta d'ionadaithe ó na Ballstáit chun oibriú agus cothabháil an chórais TF dhúláraithe a áirithiú chun cuspóir an Rialacháin seo a bhaint amach.

2. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme **dá dtagraítear i mír 1** a ghlacadh **laistigh de dhá bhliain ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo** i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 18c[...] (2).

Airteagal 18 [...]c

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.";

(13) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 19:

"Airteagal 19

Nuair nach dtagann an cosantóir i láthair

1. I gcás inar ghá doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí **nó a choibhéis** a tharchur chuig Ballstát eile chun críche seirbheála faoi fhorálacha an Rialacháin seo agus nár tháinig an cosantóir i láthair, ní thabharfar breithiúnas go dtí go mbeidh sé suite go ndearnadh an tseirbheáil nó an seachadadh in am trátha chun go bhféadfaidh an cosantóir an méid seo a leanas a chosaint:
 - (a) go ndearnadh an doiciméad a sheirbheáil trí mhodh arna fhorordú ag dlí inmheánach an Bhallstáit a ndírítear air chun doiciméid a sheirbheáil in imeachtaí inmheánacha ar dhaoine atá laistigh dá chríoch; nó
 - (b) go ndearnadh an doiciméad a sheachadadh iarbhair ar an gcosantóir nó ar a áit chónaithe trí mhodh eile dá bhforáiltear sa Rialachán seo;
2. **Féadfaidh gach Ballstát a chur in iúl, i gcomhréir le hAirteagal 23(1), go bhféadfaidh an breitheamh, d'ainneoin fhorálacha mhír 1, [...] breithiúnas a thabhairt fiú mura mbeidh deimhniú seirbheála nó seachadta faighte, i gcás ina gcomhlíonfar na coinníollacha seo a leanas:**
 - (a) gur tarchuireadh an doiciméad trí cheann de na modhanna dá bhforáiltear sa Rialachán seo;
 - (b) go bhfuil tréimhse ama nach lú ná sé mhí caite ó dháta tharchuir an doiciméid, tréimhse a mheasann an breitheamh sa chás áirithe sin a bheith leordhóthanach;
 - (c) nach bhfuil deimhniú d'aon sórt faighte, cé go bhfuil gach iarracht réasúnta déanta chun é a fháil trí údarais nó trí chomhlachtaí inniúla an Bhallstáit a ndírítear air.

3. [...]
4. D'ainneoin mhír 1 agus mhír 2, féadfaidh an breitheamh, i gcás práinne, aon bhearta sealadacha nó cosanta a ordú.
5. I gcás inar ghá doiciméad lena dtionscnaítear na himeachtaí **nó a choibhéis** a tharchur chuig Ballstát eile chun críche seirbheála faoi fhorálacha an Rialacháin seo agus i gcás ina ndearnadh breithiúnas a thaifeadadh i gcoinne cosantóir nár láithrigh, beidh de chumhacht ag an mbreitheamh faoiseamh a thabhairt don chosantóir ó éifeachtaí dhul in éag na tréimhse chun achomharc a dhéanamh i gcoinne an bhreithiúnais i gcás ina gcomhlíonfar an dá choinníoll seo a leanas:
- (a) nach raibh eolas ag an gcosantóir, gan aon locht air féin, faoin doiciméad in am trátha chun cosaint a dhéanamh nó ar an mbreithiúnas in am trátha chun achomharc a dhéanamh;
- (b) gur nocht an cosantóir cosaint *prima facie* ar an gcaingean de bhua an tuillteanais.

Ní fhéadfar iarratas ar fhaoiseamh a thaisceadh ach amháin laistigh de thréimhse réasúnta tar éis don chosantóir a bheith ar an eolas faoin mbreithiúnas.

[...]

Féadfaidh gach Ballstát a fhógairt, i gcomhréir le hAirteagal 23(1), nach dtabharfar aird ar an iarratas má thaisctear é tar éis dul in éag do thréimhse a luafar san fhógra sin, tréimhse nach lú ar aon chuma ná bliain tar éis dháta an bhreithiúnais.

6. [...]
7. Ní bheidh feidhm ag mír [...] **5** [...] maidir le breithiúnais a bhaineann le stádas nó le hinniúlacht daoine.";

(13a) In Airteagal 22, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

"4. Beidh an Rialachán sin gan dochar do Rialachán (AE) 2016/679 (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) **agus Treoir 2002/58/CE** (*an Treoir maidir le príobháideacht agus cumarsáid leictreonach*)."

(14) [...] In Airteagal 23, cuirtear **mír nua** in ionad mhír 1 **agus cuirtear isteach mír 1a:**

"1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagail 2, 3, 3c, 4, 10, 11, 13, [...] **14a, 15 agus 19** in iúl don Choimisiún. Más rud é go gcaithfear doiciméad a sheirbheáil de réir a ndlí laistigh de thréimhse áirithe mar a luaitear in Airteagail 8(**5** [...]) agus 9(2), cuirfidh na Ballstáit é sin in iúl don Choimisiún."

1a. Féadfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt don Choimisiún má tá siad in ann an córas TF dílártaíthe a oibriú níos luaithe ná mar a cheanglaítear leis an Rialachán seo. Cuirfidh an Coimisiún faisnéis den chineál sin ar fáil go leictreonach, go háirithe tríd an Tairseach Eorpach don r-Cheartas.

(15) Cuirtear isteach an tAirteagal 23a seo a leanas:

"Airteagal 23a

Faireachán

1. Faoin [*dhá bhliain tar éis dháta a chur i bhfeidhm*] ar a dhéanaí, bunóidh an Coimisiún clár mionsonraithe chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, ar thorthaí agus ar thionchair an Rialacháin seo.
2. Sonrófar sa chlár faireacháin [...] an ghníomhaíocht a dhéanfaidh an Coimisiún agus na Ballstáit **chun faireachán a dhéanamh ar aschuir, torthaí agus tionchair an Rialacháin seo [...]. Leagfar amach ann an tráth a bhaileofar na sonraí dá dtagraítear i mír 3, ar a dhéanaí ceithre bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus na heatraimh ina dhiaidh sin nuair a bhaileofar iad.**
3. Soláthróidh na Ballstáit don Choimisiún na sonraí seo a leanas, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, [...] atá riachtanach **chun críocha** faireacháin: [...]
 - (a) **an líon iarrataí ar sheirbheáil doiciméad a tharchuirtear i gcomhréir le hAirteagal 4;**
 - (b) **an líon iarrataí ar sheirbheáil doiciméad a fhorghníomhaítear i gcomhréir le hAirteagal 7;**
 - (c) **líon na gcásanna inar tarchuireadh an iarraidh chun doiciméid a sheirbheáil ar bhealaí eile seachas tríd an gcóras TF díláraithe i gcomhréir le Airteagal 3a(4) ;**
 - (d) **líon na ndeimhnithe a fuarthas maidir le neamhsheirbheáil doiciméad;**

(e) líon na ndiúltuithe doiciméad ar chúiseanna teanga a fuair na gníomhaireachtaí tarchuir."

(16) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 24:

"Airteagal 24

Meastóireacht

1. Tráth nach túisce ná [*cúig bliana tar éis dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo*], déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar an Rialachán seo, agus cuirfidh sé tuarascáil ar na príomhthorthaí faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa, na Comhairle agus Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa.
2. An fhaisnéis is gá chun an tuarascáil sin a ullmhú, cuirfidh na Ballstáit ar fáil don Choimisiún í."

[...]

Airteagal 2

1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.
2. Beidh feidhm aige ón[*18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin*].
3. Mar sin féin, [...] beidh feidhm ag pointí (3) **i dtaca le míreanna 1-4 d'Airteagal 3a nua**, (4) **agus (5) d'Airteagal 1** ón [*an chéad lá den mhí a fhreagraíonn don mhí tar éis na tréimhse cúig bliana tar éis theacht i bhfeidhm na ngníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear in Airteagal 18b [...]]*].

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit i gcomhréir leis na Conarthaí.

Arna dhéanamh in/sa [...] ,

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

An tUachtarán

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN IARSCRÍBHINN

[...]
